

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Miontuairiscí Cruinnithe Boird Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁC DL)

Dáta: 18 Samhain 2024

Am: 4:30 pm

Ionad: Ceannoifig BOOÁC DL & MS Teams

I láthair:

Charlotte O 'Donovan, an Comhairleoir Eimear Carbone-Mangan, an Comhairleoir Jacqueline Burke, an Comhairleoir Michael Clark, an Comhairleoir Mick Duff (Cathaoirleach), an Comhairleoir Pamela Kearns, an Comhairleoir Thomas Joseph, an Comhairleoir Yvonne Collins, Dara Fitzpatrick, David O 'Connell, Ken Farrell, Wayne Carey

Ar Líne: Brigid Manton, an Comhairleoir John Walsh

Leithscéalta: An Comhairleoir Angela Donnelly, an Comhairleoir Dean Mulligan, an Comhairleoir Vicki Casserly, Claire McGing, Colm Kilgallon, Sarah Widaa

As láthair: An Comhairleoir Eoghan Dockrell

I láthair:

Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Paul Turner, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Mark McDonald, Stiúrthóir Scoileanna; Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna; Siobhán Lynch, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Claire Barkey, Oifigeach Forbartha Óige; Mairéad Walsh; Ceann Státchiste agus Soláthair Ross Lynam, Ceann na bhFoirgneamh agus na dTionscadal Caipitil; Treacy Byrne, Ceann na Roinne Foirgneamh agus Maoine.

Cáipéisíocht:

Uaslódáilte go Leictreonach

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, Mick Duff, fáilte roimh na comhaltaí chuig an gcruinniú.

1. Leithscéalta/Comhbhrón

Tugadh leithscéal ón gComhairleoir Angela Donnelly, ón gComhairleoir Dean Mulligan, ón gComhairleoir Vicki Casserly, ó Claire McGing, ó Cholm Kilgallon, ó Sarah Widaa.

Cuireadh comhbhrón in iúl do theaghlach gach ball foirne ar cailleadh duine muinteartha leo ón gcruinniú deireanach.

2. Dearbhú Coinbhleachta Leasa

Níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí.

3. Nithe le Réiteach ag an mBord

3.1. Miontuairiscí

Áireofar i miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo a tionóladh ar an 21 Deireadh Fómhair 2024 gur ceapadh an Clr. Barry Saul chuig CBO Stigh Lorgan agus glacadh leo.

Beartaithe: An Clr. Pamela Kearns, **Duine a thacaigh léi:** An Clr. Yvonne Collins

3.2. Alt 12(n) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013:

Suíomh folamh ag Ráth Fearnáin a dhiúscairt

Beartaithe: An Clr. Pamela Kearns, **Duine a thacaigh léi:** An Clr. Yvonne Collins

3.3. Alt 12(n) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013:

Seanionaid oiliúna don Lucht Siúil Pháirc an Charad agus Naomh Ciarán le baint den Chlár Maoine

Beartaithe: An Clr. Michael Clark, **Duine a thacaigh leis:** An Clr. Jacqueline Burke

3.4. Ceapacháin Comhaltaí ar an mBord Bainistíochta

Nuair a ceapadh an Clr. Pamela Kearns mar ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh

Beartaithe: An Clr. Mick Duff, **Duine a thacaigh leis:** Ken Farrell

Ceapadh Brigid Manton mar ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh

Beartaithe: An Clr. Michael Clark, **Duine a thacaigh leis:** An Clr. Mick Duff

Ceapadh Maeve Ward agus Kristina Troy mar ionadaithe Foirne ar CP Kishoge

Beartaithe: An Clr. Michael Clark, **Duine a thacaigh leis:** Wayne Carey

Ceapadh na hionadaithe BOO seo a leanas ar Bhord Bainistíochta ár bPobalscoileanna, mar eolas:

Ainm na Scoile	Ionadaithe BOO	Ionadaithe BOO
SNP Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard	Conor McGuckin	Wayne Carey
SNP Ghleann na hAbhann	Brigid Manton	Colm Kilgallon
Scoil Cúraim Speisialta Bhaile Uí Dhúda	Vicki Casserly	Anne Genockey
SNP Leamhcáin	Stacy McAuley	Sarah Widaa
SNP an Mhóinéir Leathain	Mick Duff	Brigid Manton
SNP Scoil Choilm	John Walsh	Pamela Conroy
SNP Scoil Ghráinne	Seamus Conboy	Karen Donnelly
Crannóg Nua	Colm Kilgallon	Mick Duff
SSP Danú	John Walsh	Pamela Conroy
SNP Thamhlachta	Pamela Kearns	Charlie O'Connor
SNP Scoil Aoife	Conor McGuckin	Lisa Coyle
SNP Scoil Chormaic	Colm Kilgallon	Ken Farrell

3.5. **Sárú Sonraí**

Thug Stiúrthóir TFE forbhreathnú ar na sárúithe ar shonraí 2023 agus 2024 agus léiriú ar a méid. Déanfar Prótacal Sáraithe Sonraí BOOÁCDL a nuashonrú.

D 'fhaomh an Coiste Iniúchta agus Riosca Ráiteas 2023 ar Rialuithe Inmheánacha (SIC) ar dtús i mí an Mhárta 2024. Cuireadh foclaíocht SIC 2023 nuashonraithe faoi bhráid an Bhoird maidir le sárúithe sonraí 2023. D 'aontaigh agus d 'fhaomh an Bord an athfhocláíocht.

Beartaithe: An Clr. Yvonne Collins, **Duine a thacaigh léi:** An Clr. Pamela Kearns

4. **Nithe le tabhairt ar aird ag an mBord**

4.1. **Sraith Doiciméad Rialachais - Tugtha ar aird**

Tugadh forbhreathnú ar dhoiciméid Rialachais an Bhoird ar Sharepoint do chomhaltaí an Bhoird.

4.2. **Coistí an Bhoird – Tugtha ar aird**

4.3. **Comhfhreagras ón Roinn – Ciorcláin – Tugtha ar aird**

4.4. **Foireann Uirlisí Toghcháin BOO- Tugtha ar aird**

4.5. **Seirbhísí Óige agus Maoiniú**

Nichola Spokes - Thug an Stiúrthóir Scoileanna, Claire Barkey - Oifigeach Forbartha Óige agus Caitriona Murphy - Príomhfheidhmeannach cur i láthair ar Sheirbhísí Tacaíochta don Aos Óg. Tar éis an chur i láthair seo, pléadh staid mhaoinithe 2025 do roinnt ionad spóirt pobail. Is mian le Comhaltaí an Bhoird scríobh chuig an Aire mura mbeidh réiteach ar an staid mhaoinithe in 2025 faoi Dé hAoine an 22 Samhain. Beidh cruinniú éigeandála Boird ar siúl Dé hAoine an 22 Samhain chun nuashonrú a sholáthar agus chun na chéad chéimeanna eile a phleanáil.

5. **Nithe a Chuir an Feidhmeannas Isteach**

5.1. **Scaipeadh tuarascálacha an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Stiúrthóra i bpacáiste an Bhoird roimh an gcrúinniú agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird iad ó bhéal.**

5.2. **Tuarascáil Airgeadais**

Scaipeadh an tuarascáil airgeadais i bpacáiste an Bhoird roimh an gcrúinniú agus thug an Bord ar aird í.

Chuir Mairéad Walsh an Tuarascáil Airgeadais faoi bhráid an Bhoird.

5.3. **Tuarascáil Foirgneamh**

Scaipeadh an tuarascáil foirgneamh i bpacáiste an Bhoird roimh an gcrúinniú agus thug an Bord ar aird í.

Phléigh Ross Lynam na príomh-nuashonruithe.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Tá Ken Farrell ag iarraidh go dtabharfaí ar aird go bhfuil ceist ardaithe aige maidir le tógáil i gceantar Ard Giolláin.

5.4. Próifíl Foirne

Coinní agus arduithe céime; scoir - tugtha ar aird

5.5. Beartais - tugtha ar aird

Clár Riosca - tugtha ar aird

Dheimhnigh Stiúrthóir TFE nach bhfuil aon nuashonrú ar an gclár riosca ó chruinniú an Bhoird i mí Dheireadh Fómhair.

6. Nithe a Chuir an Bord isteach

D 'iarr comhaltaí go gcuirí rannóg i litreacha ina dtugtar cuireadh d 'iarrthóirí chun agallaimh rannóg chun fógra a thabhairt do BOO faoi aon riachtanais speisialta maidir le míchumas.

7. Dáta an Chéad Chruinnithe Eile

20 Eanáir 2025 Le Fógairt